An Roinn Oideachais
Department of Education

# Nóta eolais le haghaidh
# Íocaíocht Sochar Scoir don Fhoireann Teagaisc (RET1)

- Léigh an nóta eolais seo go cúramach sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm iarratais scoir.
- Ionas go bhféadfar d'iarratas ar shochair scoir a phróiseáil go tráthúil , cuir an fhoirm chomhlánaithe seo ar ais chuig an Roinn Oideachais, le do thoil, trí mhí roimh an dáta scoir atá roghnaithe agat.

## Cuid 1 — Do Shonraí Pearsanta

- Comhlánaigh na sonraí teagmhála agus an t-eolas pearsanta go léir.
- Déanfaimid teagmháil leat ar ríomhphost den chuid is mó, cinntigh, le do thoil. go mbeidh an seoladh ríomhphoist a thugann tú gníomhach tar éis duit dul ar scor.

## Cuid 2 — Dearbhú an Fhostóra

- Ní mór do Bhainisteoir/Cathaoirleach Bhord Bainistíochta do Scoile an chuid seo a chomhlánú. Ní gá an chuid seo a chomhlánú más amhlaidh go bhfuil tú ag cur iarratais isteach le haghaidh Sochar Pinsin Coinnithe **amháin.**

## Cuid 3 — Cineál Scoir

- Roghnaigh cineál do scoir agus cuir isteach dáta do scoir.

## Cuid 4 — Do Sheirbhís agus Stair do Sheirbhíse

- Tabhair breac-chuntas ar shonraí faoi do sheirbhís mhúinteoireachta/oideachais agus sonraí breise maidir le seirbhís. Féadfar eolas breise a chur in iúl ar leathanach ar leith agus ní mór an leathanach sin a cheangal le Foirm RET1.
- Ceist 18: Tabhair breac-chuntas ar do cháilíochtaí múinteoireachta, lena n-áirítear na blianta ina bhfuair tú do chuid cáilíochtaí.
- Ceist 28: Seirbhís Iarbhír: An bhfuil iarratas déanta agat ar thréimhse de "sheirbhís iarbhír" a cheannach? Tagraíonn sé sin do thréimhsí seirbhíse mar mhúinteoir nach ndearnadh íocaíocht ina leith nó nach raibh inphinsin roimhe seo, b'fhéidir, (seirbhís sula ndeachaigh tú isteach sa scéim pinsin (e.g. seirbhís mar ionadaí, seirbhís pháirtaimseartha, seirbhís lánaimseartha PCW sula ndeachaigh tú isteach sa scéim pinsin).
- Ceist 29: Meas-Seirbhís: An bhfuil seirbhís bhreise ar a dtugtar Meas-Seirbhís á ceannach agat? Má tá an tseirbhís sin á ceannach agat feicfidh tú asbhaint ar a dtugtar "CPSN" ar do dhuillín pá.
- Ceist 31, 32: An bhfuil aon seirbhís phoiblí inphinsin eile tugtha agat nó an bhfuil sochar á choinneáil agat ó aon scéim pinsin de chuid na seirbhíse poiblí?
- Ceist 33, 34: Ranníocaíochtaí Saorálacha Breise (AVCanna). Cuireann cuideachtaí príobháideacha AVCanna are fáil. Má tá AVC agat agus más mian leat luach aistrithe a fheidhmiú (seirbhís bhreise a cheannach nó íoc as aon asbhaintí atá fós gan íoc), molann an Roinn seo go rachfá i gcomhairle le do sholáthraí AVC i dtús báire. Lena chinntiú go n-íocfar sochair phinsin in am tráth, ní mór duit a chur in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna, an tAonad Pinsin, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí, roimh do dháta scoir go bhfuil sé ar intinn agat do AVCanna a aistriú. Níl aon áis ann chun AVC a aistriú nuair atá cnapshuim íoctha. Más mian leat cistí a aistriú, cuir litir ar leith ar fáil ina sonraítear go soiléir gur mian leat luach aistrithe do chiste AVC a fheidhmiú.

# Nóta eolais le haghaidh Íocaíocht Sochar Scoir don Fhoireann Teagaisc (RET1)

| Cuid 5A, 5B, 5C | Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí |
|---|---|

Sula ndéanfar do theidlíochtaí pinsin a phróiseáil, tá sé éigeantach cuid 5A, 5B (más infheidhme) a chomhlánú agus go mbeadh 5C sínithe (más infheidhme). Baineann siad go léir leis an Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí. Tabhair do d'aire, nach ionann an chuid seo den fhoirm iarratais a líonadh agus cuireadh a fháil chun dul isteach sa Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí.

- Cuid 5A (éigeantach): Deimhniú ar bhallraíocht sa Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí. Mura bhfuil tú cinnte an bhfuil tú i do bhall den Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí nó nach bhfuil, féadfaidh tú a sheiceáil an bhfuil asbhaint ar a dtugtar "1.5% SP & CH Pension" ar do dhuillín pá.
- Cuid 5B (más infheidhme): Le comhlánú ag baill na Scéime Pinsin do Chéilí agus do Leanaí. Léirigh do stádas sibhialta reatha agus comhlánaigh de réir mar is cuí. Is bunriachtanas é Teastas Pósta, Teastas Páirtnéireachta Sibhialta, agus Teastas Báis Bunaidh (Sibhialta) Stáit, de réir mar is cuí, a chur ar fáil lena n-iniúchadh. Féadfar Teastas Pósta Sibhialta Bunaidh agus Teastas Báis Bunaidh a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an bPríomhoifig Chlárúcháin (G.R.O.) ag+353 (0) 90 6632900 nó Glao Áitiúil: 1890 252076.
- Cuid 5C (más infheidhme): Ní mór do do chéile/pháirtnéir sibhialta an chuid seo a shíniú.
- Nuair is cuí, cuir cóip dheimhnithe de d'Fhoraithne Iomlán agus de d'Ordú um Choigeartú Pinsin ar fáil.
- Déanfar na cáipéisí dlí ar fad a sholáthraíonn tú a chóipeáil ar mhaithe le taifid agus tabharfar ar ais duit iad.

**Nóta: Mura gcuirtear doiciméid Bhunaidh Stáit faoi iamh, d'fhéadfadh moill a bheith ar phróiseáil d'iarratais.**

| Cuid 6A | Dearbhú Ioncaim Pinsin |
|---|---|

**RIACHTANACH FAOI ALT 787R (4) DEN ACHT COMHDHLÚITE CÁNACHA, 1997.**

Faoi Alt 14 den Acht Airgeadais, 2006, tugadh isteach teorainn nua ar an méid de chiste pinsin an duine aonair a bhí saor ó cháin agus cuireadh teorainn leis an méid airgid saor ó cháin a fhéadfar a thógáil. Is teorainneacha saolré iad an dá theorainn sin agus baineann siad le sochair a tógadh nó ar tosaíodh á n-íoc i ndiaidh an 06 Nollaig 2005.

Foráiltear le hAlt 787R(4) den Acht go bhfuil duine a bhfuil sochair scoir aige nó aici (ó fhoinse ar bith, lena n-áirítear gach scéim aoisliúntais de chuid na seirbhíse poiblí, seachas sochair leasa shóisialaigh) a bhfuil luach comhiomlán caipitil acu arna dtarraingt anuas, ar luach é atá os cionn tairseach sonraithe, faoi dhliteanas cánach maidir leis na méideanna atá os cionn na tairsí. Nuair a théitear thar an tairseach, tagann muirear cánach de 41% ar an bhfarasbarr i gceist agus é le híoc roimh ré.
Chun dliteanas ionchasach i leith na cánach a mheas, más ann dó, ní mór do gach múinteoir atá ag déanamh éilimh ar shochair ó Scéim Pinsin do Mhúinteoirí, Foirm Dhearbhaithe na gCoimisinéirí Ioncaim atá faoi iamh a chomhlánú

Tá trí chuid sa pháirt seo den fhoirm.

- Go bunúsach, is dearbhú NIALAIS atá i gCuid 6A i dtaca le haon sochair bhreise a fuarthas nó a coinníodh. Comhlánaigh de réir mar a oireann do do chás pearsanta féin.
- Ní mór Cuid 6B a chomhlánú agus a shíniú i ngach cás, agus baineann sí le teastas i leith Thairseach na gCistí Pearsanta i gcomhréir le halt 787P den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.
- Níl Cuid 6C de dhíth ach amháin má tá éileamh á dhéanamh agat ar shochair ó Scéim Pinsin do Mhúinteoirí agus go bhfuil teidlíochtaí pinsin ábhartha agat ó fhoinsí eile. Níl sochair leasa shóisialaigh san áireamh ansin. Féadfaidh tú na sonraí sin a fháil ó do chomhairleoir airgeadais/ bhróicéir/ riarthóir pinsin ábhartha.

An Roinn Oideachais
Department of Education

# Nóta eolais le haghaidh Íocaíocht Sochar Scoir don Fhoireann Teagaisc (RET1)

## Cuid 7 — Dearbhú um shochair phinsin

- Is é seo an dearbhú le haghaidh sochar agus ní mór do gach iarratasóir é a shíniú. Má tá tú ag déanamh iarratais dul ar scor ar bhonn Luathscoir atá Neodrach ó thaobh Costais de **ní mór** duit an dara dearbhú a chomhlánú freisin.

## Cuid 8A, 8B, 8C — Cuntas bainc agus sonraí údaraithe bhainc

- Cuir isteach sonraí do chuntais bhainc phearsanta. Seo an cuntas ina n-íocfar isteach do phinsean. Cuimhnigh an teorainn taisce ar do chuntas a sheiceáil le do bhanc/institiúid airgeadais.

## Cuid 9 — Ráiteas Príobháideachais um Chosaint Sonraí

- Soláthraítear sa chuid seo cóip duit den Ráiteas Príobháideachais um Chosaint Sonraí a bhaineann leis leis an bhfoirm iarratais seo. Tríd an dearbhú a shíniú ar Leathanach 8 admhaíonn tú gur léigh tú é seo. Is féidir leat an leathanach seo a choinneáil mar thagairt sa todhchaí.

## Cuid 10 — Cé chuige/chuici a seolfaidh mé m'fhoirm?

- Soláthraítear duit sa chuid seo sonraí teagmhála d'Aonad na bPinsean, agus na sonraí chuig áit ar féidir leat d'fhoirm iarratais chomhlánaithe a sheoladh chuici mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta. Tá spás freisin inar féidir leat nóta a dhéanamh den dáta ar sheol tú isteach d'fhoirm.

- Tabhair do d'aire gur dócha go mbeidh moill ar íocaíocht má tá an t-eolas neamhiomlán nó má tá doiciméid ar iarraidh nuair atá teidlíochtaí i leith sochair phinsin á bpróiseáil.

**Seol an fhoirm iarratais seo in éineacht le haon doiciméadacht bhreise is gá chuig:**

**An Rannóg Scoir**
**Aonad na bPinsean**
**An Roinn Oideachais**
**Corr na Madadh**
**Baile Átha Luain**
**Co. na hIarmhí**
**N37 X659**

**Ríomhphost: pensions@education.gov.ie**

**Teileafón: 090 648 4189**

**Má tá tú ag glaoch ó Iasmuigh de Phoblacht na hÉireann glaoigh ar +353 90 648 4189**

## Tuilleadh eolais thábhachtach

Tabhair faoi deara, le do thoil, má roghnaíonn tú dul ar ais ag teagasc tar éis duit dul ar scor, dírigh d'aird ar Chiorclán 0044/2019 agus Alt 6 de Chiorclán 0040/2011 ina luaitear;

*"Má fhilleann múinteoir atá ar scor, agus ag tarraingt pinsin, ar an múinteoireacht ar an 1ú Eanáir 2011, nó ina dhiaidh, tosóidh eisean/ise ar an gcéad phointe den scála incriminteach tuarastail atá i bhfeidhm tar éis 1ú Eanáir 2011."*

Tá an t-eolas seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais www.education.ie